



European Securities and
Markets Authority

Treoirlínte

Córais agus rialaitheoirí i dtimpeallacht trádála uathoibrithe d'ardáin trádála, do ghnólachtaí infheistíochta agus d'údaráis inniúla





Clár Ábhair

I.	Scóip	3
	Céard?	3
	Cé?	3
	Cathain?	4
	Riachtanais Tuairiscithe	4
II.	Sainmhínithe	4
III.	Cuspóir	6
IV.	Treoirlínte ar chórais agus rialaitheoirí i dtimpeallacht trádála uathobrithe d'ardáin trádála, do ghnólachtaí infheistíochta agus d'údaráis inniúla	6
	Treoirlíne 1. Riachtanais eagraíochtúla le haghaidh córas trádála leictreonaí na margaí rialaithe agus na saoráidí trádála iltaobhacha	6
	Treoirlíne 2. Riachtanais eagraíochtúla le haghaidh córas trádála leictreonaí (lena n-áirítear algartaim thrádála) na ghnólachtaí infheistíochta	9
	Treoirlíne 3. Riachtanais eagraíochtúla do mhargaí rialaithe agus saoráidí trádála iltaobhacha chun trádáil chothrom agus ordúil a chur chun cinn i dtimpeallacht trádála uathobrithe	12
	Treoirlíne 4. Riachtanais eagraíochtúla do ghnólachtaí infheistíochta chun trádáil chothrom agus ordúil a chur chun cinn i dtimpeallacht trádála uathobrithe	15
	Treoirlíne 5. Riachtanais eagraíochtúla do mhargaí rialaithe agus saoráidí trádála iltaobhacha chun mí-úsáid mhargaidh (go háirithe cúbláil mhargaidh) a chosc i dtimpeallacht trádála uathobrithe	17
	Treoirlíne 6. Riachtanais eagraíochtúla do ghnólachtaí infheistíochta chun mí-úsáid mhargaidh (go háirithe cúbláil mhargaidh) a chosc i dtimpeallacht trádála uathobrithe	19
	Treoirlíne 7. Riachtanais eagraíochtúla do mhargaí rialaithe agus saoráidí trádála iltaobhacha a sholáthraíonn a gcuid comhaltaí/rannpháirtithe agus úsáideoirí dí-róchtaí mhargaidh/rochtain urraithe	21
	Treoirlíne 8. Riachtanais eagraíochtúla do ghnólachtaí infheistíochta a sholáthraíonn dí-róchtaí mhargaidh agus/nó rochtain urraithe	23

I. Scóip

Céard?

1. Cuimsíonn an páipéar seo treoirlínte eisithe faoi Airteagal 16 de Rialachán ESMA. I gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán ESMA, ní mór d'údaráis inniúla agus do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais gach iarracht a dhéanamh cloí leis na treoirlínte agus na moltaí.

Cé?

2. Leagtar amach sna treoirlínte seo tuairim ESMA maidir le conas ar cheart dlí an Aontais a chur chun feidhme i réimse faoi leith, nó faoi chleachtais mhaoirseachta oiriúnacha laistigh de Chóras Eorpach na Maoirseachta Airgeadais. Dá bhrí sin, bíonn ESMA ag súil go gcloífidh na húdaráis inniúla ábhartha agus rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais go léir leis na treoirlínte seo mura sonraítear a mhalairt.
3. Clúdaítear sna treoirlínte seo:
 - a. feidhmiú córais trádála leictreonaí ag margadh rialaithe nó saoráid trádála iltaobhach;
 - b. úsáid córais trádála leictreonaí, lena n-áirítear algartam trádála, ag gnólacht infheistíochta chun déileáil ar a cuntas féin nó chun ordaithe ar chur i gcrích thar ceann cliant; agus
 - c. soláthar rochtana margaidh díriúil nó rochtana urraithe ag gnólacht infheistíochta mar chuid den seirbhíse i ndáil le cur i gcrích orduithe thar ceann cliant.
4. Beidh impleachtaí ag na treoirlínte freisin do ghnólachtaí nach bhfuil údaraithe mar oibreoirí margaidh nó gnólachtaí infheistíochta faoi MiFID. Áirítear iontu sin gnólachtaí a dhíolann córais trádála leictreonacha le hoibreoirí margaidh nó le gnólachtaí infheistíochta, nó a fheidhmíonn mar sholáthraithe seachfhoinsithe de chuid córas dá leithéid, nó a sholáthraíonn seirbhísí nascachta do ghnólachtaí infheistíochta agus rochtain á fháil acu ar ardáin trádála. Cuirfidh oibleagáidí na n-ardán trádála agus na ngnólachtaí infheistíochta maidir le gcuid gcóras trádála leictreonaí isteach ar ghnólachtaí dá leithéid.
5. Beidh tionchar freisin ag na treoirlínte ar ghnólachtaí atá díolmhaithe ó MiFID agus a thrádálann ar a gcuntas féin agus a fhaigheann dí-ríocht ar ardáin trádála mar chomhaltaí, rannpháirtithe nó úsáideoirí, nó trí DMA nó SA. Cuirfidh na treoirlínte ar thrádáil chothrom agus ordúil d'ardáin trádála, maidir leis na riachtanais do chomhaltaí, rannpháirtithe agus úsáideoirí nach bhfuil údaraithe, isteach orthu, mar aon leis na treoirlínte d'ardáin trádála agus gnólachtaí infheistíochta i ndáil le DMA agus SA.
6. Baineann tagairtí sna treoirlínte do ghnólachtaí infheistíochta le gnólachtaí infheistíochta agus orduithe á gcur i gcrích thar ceann cliant agus/nó ag déileáil ar a gcuntas féin i dtimpeallacht

trádála uathoibrithe. Tá gnólacht infheistíochta clúdaithe ag na treoirlínte maidir le hardáin trádála agus saoráid trádála iltaobhach á feidhmiú aici.

7. Áiríonn ESMA laistigh de scóip na gcóras trádála leictreonaí úsáidte ag gnólachtaí infheistíochta, córais leictreonacha chun ordúithe a sheoladh chuig ardáin trádála (cibé an gcuirtear nó nach gcuirtear ordúithe ó chliant faoi bhráid na gnólachta infheistíochta go leictreonach) agus córais leictreonacha a ghineann ordúithe go huathoibríoch .i. algartaim thrádála. D'fhéadfadh ródairí um ordú cliste a bheith mar chuid de chórais ghnólachta chun ordúithe a sheoladh chuig ardáin trádála. Chun críocha na hoibre seo, clúdaíonn ESMA ródairí um ordú cliste amháin ó thaobh na rioscaí a bhaineann le hiontráil ordú agus ní, mar shampla, i ndáil leis an gcur i gcrích is fearr.
8. Níl na treoirlínte seo srianta do thrádáil scaireanna ach clúdaíonn siad trádáil d'aon ionstraim airgeadais i dtimpeallacht uathoibrithe (de réir mar atá sainmhínithe i MiFID).
9. I gcás ardán trádála agus gnólachtaí infheistíochta araon, ba chóir do na córais agus na rialaitheoirí a úsáidtear chun cloí leis na treoirlínte seo nádúr, scála agus castacht a gcuid gnó a chur san áireamh.

Cathain?

10. Tiocfaidh na treoirlínte seo i bhfeidhm *mí amháin tar éis do na húdaráis náisiúnta inniúla na treoirlínte a fhoilsiú ar a láithreán gréasáin oifigiúil ina dteanga dhúchais*. De réir an sceidil seo agus mura gcuirtear a mhalairt in iúl, ba cheart go mbeadh rannpháirtithe margaidh in ann cloí leis na treoirlínte ó 1 Bealtaine 2012.

Riachtanais Tuairiscithe

11. Ba cheart d'údaráis inniúla a chloíonn leis na treoirlínte seo iad a chorprú ina gcuid cleachtas maoirseachta, lena n-áirítear nuair atá treoirlínte áirithe sa doiciméad dírithe go príomha ar rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais. Ní mór d'údaráis náisiúnta inniúla a chur in iúl d'ESMA cibé an bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu nó an bhfuil sé i gceist acu iad a chomhlíonadh, le cúiseanna le haghaidh neamhchomhlíonta, *dhá mhí tar éis foilsiú na dtreoirlínte deiridh i ngach teanga oifigiúil an AE*.
12. Ní gá do rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais a thuairisciú d'ESMA cibé an bhfuil nó nach bhfuil na treoirlínte seo á gcomhlíonadh acu.

II. Sainmhínithe

13. Chun críocha na dtreoirlínte seo, is í an bhrí atá sonraithe sa tábla anseo thíos atá ag na téarmaí a bhfuil cló iodálach orthu. Tá roinnt téarmaí eile a mbaintear úsáid astu sna treoirlínte, gnólacht infheistíochta mar shampla, a bhfuil an bhrí atá acu sainmhínithe in Airteagal 4 de chuid na *Treorach maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais*.

Údaráis Inniúla

Údaráis inniúla saincheaptha faoi Airteagal 48 de chuid MiFID

*Dír-rochtain
Mhargaidh (DMA)*

Socrú trína gceadaíonn gnólacht infheistíochta, arb ionann í agus comhalta/rannpháirtí nó úsáideoir d'ardán trádála, do chliant shonraithe (lena n-áirítear contrapháirtithe incháilithe) ordúithe a

tharchur go leictreonach chuig córais trádála leictreonaí inmheánacha na gnólachta infheistíochta le tarchur amach go huathoibríoch faoi aitheantas trádála na gnólachta infheistíochta chuig ardán trádála sonraíthe.

ESMA

An tÚdarás Eorpach Urrús agus Margaí

Rialachán ESMA

Rialachán (AE) Uimh 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Eorpach Maoirseachta (An tÚdarás Eorpach Urrús agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/77/CE ón gCoimisiún, IO L 331, 15.12.2010, lch.84.

Rannpháirtithe sa Mhargadh Airgeadais

Ciallaíonn duine, de réir mar atá sainmhínithe in Airteagal 4(1) de Rialachán ESMA: "...aon duine lena mbaineann riachtanas sa reachtaíocht dá dtagraítear in Airteagal 1(2) [a áiríonn MiFID agus MAD agus a gcuid beart forfheidhmithe faoi seach] nó lena mbaineann dlí náisiúnta a chuireann reachtaíocht dá leithéid chun feidhme"

Treoir maidir le Mí-úsáid Mhargaidh (MAD)

Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le déileáil chos istigh agus cúbláil mhargaidh (mí-úsáid mhargaidh), IO L 96, 12.4.2003, lch.16.

Treoir maidir le Margaí in Ionstraimí Airgeadais (MiFID)

Treoir 2004/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Aibreán 2004 maidir le margaí in ionstraimí airgeadais lena leasaítear Treoracha 85/611/CEE agus 93/6/CEE ón gComhairle agus Treoir 2000/12/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 93/22/CEE ón gComhairle, IO L 145, 30.4.2004, lch.1.

Treoir um Chur Chun Feidhme an MiFID

Treoir 2006/73/CE ón gCoimisiún an 10 Lúnasa 2006 lena ndéantar Treoir 2004/39/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme i ndáil le riachtanais eagraíochtúla agus coinníollacha oibriúcháin do ghnólachtaí infheistíochta agus téarmaí sainithe chun críocha na Treorach sin, IO L 241, 2.9.2006, lch.26.

Rochtain Urraithe (SA)

Socrú trína gceadaíonn gnólacht infheistíochta, arb ionann í agus comhalta/rannpháirtí nó úsáideoir d'ardán trádála, do chliaint shonraithe (lena n-áirítear contrapháirtithe incháilithe) orduithe a tharchur go leictreonach agus go díreach chuig ardán trádála sonraíthe faoi aitheantas trádála na gnólachta infheistíochta gan na horduithe a ródú trí chórais trádála leictreonaí inmheánacha na gnólachta infheistíochta.

Tuarascáil um Idirbheart Amhrasach (STR)

Tuarascálacha chuig údarais inniúla atá riachtanach faoi Airteagal 6(9) de chuid MAD nuair atá amhras réasúnta ar dhuine a shocraíonn idirbhearta go gairmiúil go bhféadfadh idirbheart a bheith in ionannas le déileáil chos istigh nó cúbláil mhargaidh.

Algartam Trádála

Bogearraí ríomhaireachta ag feidhmiú ar bhonn paraiméadair bhunúsacha leagtha síos ag gnólacht infheistíochta nó ag cliant de ghnólacht

infheistíochta a ghineann orduithe le cur faoi bhráid ardán trádála go huathoibríoch mar fhreagra ar fhaisnéis margaidh.

Ardán Trádála

Margadh rialaithe (RM) nó saoráid trádála iltaobhach (MTF).

III. Cuspóir

14. Is é cuspóir na dtreoirlínte seo ná cur chun feidhme coiteann, aonfhoirmeach agus comhsheasmhach de MiFID agus MAD a chinntiú mar baineann siad leis na córais agus na rialaitheoirí atá de dhíth orthu seo a leanas:

- ardáin trádála agus gnólachtaí infheistíochta i dtimpeallacht trádála uathoibrithe; agus
- ardáin trádála agus gnólachtaí infheistíochta i ndáil le soláthar DMA nó SA.

IV. Treoirlínte ar chórais agus rialaitheoirí i dtimpeallacht trádála uathoibrithe d'ardáin trádála, do ghnólachtaí infheistíochta agus d'údaráis inniúla

Treoirlíne 1. Riachtanais eagraíochtúla le haghaidh córas trádála leictreonáil na margaí rialaithe agus na saoráidí trádála iltaobhacha

Reachtaíocht ábhartha.

Airteagal 39, míreanna (b) agus (c), de chuid MiFID le haghaidh margaí rialaithe.

Airteagal 14, mír (1), agus Airteagal 13, míreanna (2), (4), (5) agus (6), de chuid MiFID agus Airteagail 5 go 9, Airteagail 13 agus 14 agus Airteagal 51 de chuid Treoir um Chur Chun Feidhme an MiFID le haghaidh saoráidí trádála iltaobhacha

Treoirlíne ghinearálta

1. Cinnteoidh córas (nó córais) trádála leictreonáil de chuid margaidh rialaithe nó saoráide trádála iltaobhaí go gcloíonn sé/sí le hoibleagáidí infheidhmithe faoin MiFID agus faoi dhlí náisiúnta agus Aontais ábhartha eile, ag cur forbairtí teicneolaíochta agus treochtaí san úsáid a bhaineann a c(h)uid comhaltaí/rannpháirtithe nó úsáideoirí as teicneolaíocht san áireamh. Go háirithe, ba chóir go mbeadh an córas (nó na córais) curtha in oiriúint go maith don ghnó a tharlaíonn tríd (nó tríthu) agus go bhfuil sé (nó siad) láidir go leor chun leanúnachas agus rialtacht a chinntiú i bhfeidhmíocht an mhargaidh (nó na margaí) uathoibrithe arna fheidhmiú ag an oibreoir margaidh nó gnólacht infheistíochta.

Treoirlínte mionsonraithe

2. Nuair atá an treoirlíne ghinearálta á leanúint ba cheart d'ardáin trádála aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas ar a laghad:

a) Rialachas

- Tá an próiseas rialachais bunriachtanach i ndáil le hoibleagáidí rialála a chomhlíonadh. Ba chóir d'ardáin trádála, laistigh dá gcreat rialachais agus cinnteoireachta foriomlán, a gcuid córas trádála leictreonaí a fhorbairt, a sholáthar (lena n-áirítear seachfhoinsiú) agus a mhonatóiriú trí phróiseas rialachais soiléir agus atá ar bhonn foirmiúil. Ní mór don phróiseas rialachais a chinntiú go dtugtar aird mar is cuí ar na breithnithe ábhartha go léir, lena n-áirítear breithnithe tráchtála, teicniúla, riosca agus comhlíonta, ar chóir a chur san áireamh agus príomhchinntí á ndéanamh. Go háirithe, ní mór dó prionsabail comhlíonta agus bainistíochta riosca a neadú. Ní mór go mbainfeadh línte cuntasachta soiléire leis an bpróiseas rialachais freisin, lena n-áirítear nósanna imeachta i ndáil le hainm a chur le forbairt, úsáid tosaigh, nuashonruithe ina dhiaidh sin agus réiteach ar fhadhbanna a shainaitheann trí mhonatóireacht. Ba cheart go mbeadh nósanna imeachta cuí ann freisin le faisnéis a chur in iúl.
- Sa phróiseas rialachais, ba cheart go mbeadh foirne comhlíonta freagrach as soiléireacht a sholáthar maidir le hoibleagáidí rialála an oibreora margaidh nó na gnólachta agus maidir leis na beartais agus nósanna imeachta a iarrann a chinntiú go gcloíonn úsáid na gcóras trádála le hoibleagáidí an oibreora margaidh nó na gnólachta agus go mbraitear aon teipeanna i ndáil le comhlíonadh. Éilíonn sé sin go mbeadh tuiscint ag foirne comhlíonta ar an gcaoi a bhfeidhmíonn córais trádála ach ní go mbeadh eolas acu ar airíonna teicniúla na gcóras trádála.

b) Inniúlacht agus athléimneacht

- Ba chóir go mbeadh toilleadh leordhóthanach ag córais trádála leictreonaí na margaí rialaithe agus na saoráidí trádála iltaobhacha chun freastal do líon teachtaireachtaí atá intuartha i bpáirt agus atá inscálaithe chun cur ar chumas toilleadh a mhéadú d'fhonn freagairt do shreabhadh teachtaireachta méadaitheach agus do choinníollacha éigeandála a d'fhéadfadh a bhfeidhmiú ceart a chur i mbaoil.

c) Leanúnachas Gnó

- Ba chóir go mbeadh socruithe leanúnachais ghnó éifeachtacha i ndáil lena gcuid córas trádála leictreonaí ag ardáin trádála chun déileáil le teagmhais suaiteacha, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do theipeanna córais. Ba chóir go gcinnteodh na socruithe leanúnachais ghnó filleadh tráthúil ar thrádáil, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do theipeanna córais. Ba chóir go gclúdódh na socruithe, mar is cuí, ábhair cosúil le:
 - a. Rialachas le haghaidh forbairt agus imscaradh na socruithe;
 - b. Breithniú ar raon leordhóthanach de chásanna féideartha maidir le feidhmiú a gcuid córas trádála leictreonaí a éilíonn socruithe leanúnachais shonracha;
 - c. Cóip chúltaca a dhéanamh de shonraí rithábachtacha gnó (lena n-áirítear sonraí comhlíonta) a shreabhann trína gcórais trádála leictreonaí;
 - d. Na nósanna imeachta maidir le bogadh chuig an córas trádála leictreonaí agus é a fheidhmiú ó shuíomh taca;
 - e. Oiliúint foirne maidir le feidhmiú na socruithe agus ról dhaoine aonair laistigh dóibh; agus

- f. Clár leanúnach chun tástáil, meastóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe lena n-áirítear nósanna imeachta chun na socruithe a mhodhnú i bhfianaise thorthaí an chláir sin.

d) Tástáil

- Ba chóir d'ardáin trádála, sula n-imscartar córas trádála leictreonaí, agus sula n-imscartar nuashonruithe, úsáid a bhaint as modheolaíochtaí forbartha agus tástála atá leagtha amach go soiléir. Ba chóir d'úsáid na modheolaíochtaí sin iarracht a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil, i measc nithe eile, feidhmiú an chórais trádála leictreonaí i gcomhréir le hoibleagáidí an mhargaidh rialaithe agus na saoráide trádála iltaobhaí faoi MiFID agus faoi dhlí náisiúnta nó Aontais ábhartha eile, go bhfeidhmíonn rialaitheoirí comhlíonta agus bainistíochta riosca atá neadaithe sna córais mar a bhí beartaithe (lena n-áirítear tuarascálacha earráide a ghiniúint go huathoibríoch) agus go bhféadfaidh an córas trádála leictreonaí leanúint ar aghaidh ag feidhmiú go héifeachtach i ndálaí anáis sa mhargadh.

e) Monatóireacht agus athbhreithniú

- Ba chóir d'ardáin trádála monatóireacht a dhéanamh i bhfíor-am ar a gcuid córas trádála leictreonaí. Ba chóir dóibh déileáil go leordhóthanach le fadhbanna a shainaithnítear in ord tosaíochta a luaithe agus is féidir ar bhonn réasúnach agus a bheith in ann, nuair is gá, an córas trádála leictreonaí a choigeartú, a thabhairt chun críche nó a dhúnadh síos. Ba chóir go dtabharfadh cinntí maidir le gníomh chun déileáil le fadhbanna le córais trádála leictreonaí aird mar is cuí ar an ngá, a mhéid agus is féidir, go ngníomhódh na hardáin trádála oibriúcháin sin ar bhealach comhordaithe.
- D'fhonn a chinntiú go bhfanann ardáin trádála éifeachtach ar bhonn leanúnach, ba chóir d'oibreoirí na n-ardán trádála sin athbhreithniú agus meastóireacht tréimhsiúil a dhéanamh ar a gcórais trádála leictreonaí, agus ar a bpróiseas gaolmhar um rialachas, cuntasacht agus síniú agus ar shocruithe leanúnachais ghnó gaolmhara. Ba chóir dóibh gníomhú de réir na n-athbhreithnithe agus meastóireachtaí sin chun easnaimh a leigheas. Ba chóir go mbainfeadh leibhéal áirithe neamhspleáchais, ar féidir a bhaint amach, mar shampla, le rannpháirtíocht iniúchta inmheánaigh nó thríú páirtithe, leis an bpróiseas athbhreithnithe agus meastóireachta.

f) Slándáil

- Ba chóir go mbeadh nósanna imeachta agus socruithe le haghaidh slándála fisiciúla agus leictreonaí ag ardáin trádála atá deartha chun a gcuid córas trádála leictreonaí a chosaint ó mhí-úsáid nó ó rochtain neamhúdaraíthe agus chun sláine na sonraí atá mar chuid de nó a ghabhann trí na córais a chinntiú.

g) Soláthar foirne

- Ba chóir go mbeadh nósanna imeachta agus socruithe, lena n-áirítear earcú agus oiliúint, ag ardáin trádála chun a gcuid riachtanas foirne a dhearbhu agus ansin chun a chinntiú go bhfostaíonn siad líon leordhóthanach fostaithe leis na scileanna agus an saineolas riachtanach chun a gcórais trádála leictreonaí a bhainistiú. Áireoidh sé sin foirne a fhostú a bhfuil eolas acu ar

chórais trádála leictreonaí ábhartha, ar mhonatóireacht agus tástáil ar chórais dá leithéid agus an cineál trádála a dtabharfaidh comhaltaí/rannpháirtithe den mhargadh rialaithe nó úsáideoirí den tsaoráid trádála iltaobhach faoi agus ar oibleagáidí rialála na margaí rialaithe nó na gcóras trádála iltaobhach.

h) Coimeád taifead agus comhar

- Ba chóir d'ardáin trádála taifid a choimeád i ndáil lena gcórais trádála leictreonaí a chlúdaíonn na hábhair dá dtagraítear i bpointí a) go g) thuas ar a laghad. Áireofar ansin faisnéis faoi phríomhchinntí, airíonna córais, modheolaíochtaí tástála, torthaí trialach agus athbhreithnithe tréimhsiúla. Ba chóir go mbeadh na taifid mionsonraithe go leor le cur ar chumas údaráis inniúla monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh i dtaca le hoibleagáidí ábhartha an ardáin trádála. Ba chóir d'oibreachaí margaidh agus do ghnólachtaí infheistíochta a fheidhmíonn saoráidí trádála iltaobhacha na taifid a choimeád go ceann 5 bliana ar a laghad. Ba chóir d'oibreachaí margaidh a fheidhmíonn margaí rialaithe iad a choimeád chomh fada agus a éilíonn a n-údarás inniúil baile é.
- Ba chóir d'ardáin trádála údaráis inniúla a chur ar an eolas, i gcomhréir leis na socruithe maoirseachta atá ina mBallstát féin, faoi aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh cur isteach ar bhainistíocht fóna oibríochtaí teicniúla an chórais agus faoi theagmhais ollmhóra ina bhforbraíonn na rioscaí sin.

Treoirlíne 2. Riachtanais eagraíochtúla le haghaidh córas trádála leictreonaí (lena n-áirítear algartaim thrádála) na ngnólachtaí infheistíochta

Reachtaíocht ábhartha. Airteagal 13, míreanna (2), (4), (5) agus (6), de chuid MiFID agus Airteagail 5 go 9, Airteagail 13 agus 14 agus Airteagal 51 de chuid Treoir um Chur Chun Feidhme an MiFID

Treoirlíne ghinearálta

1. Cinnteoidh córas (nó córais) trádála leictreonaí de chuid gnólachta infheistíochta, lena n-áirítear algartaim thrádála, go gclóíonn an ghnólacht le hoibleagáidí infheidhmithe faoi MiFID agus faoi dhlíthe náisiúnta agus Aontais ábhartha eile chomh maith le rialacha na n-ardán trádála dá seolann sé orduithe Go háirithe, ba chóir go mbeadh an córas (nó na córais) curtha in oiriúint go maith don ghnó a tharlaíonn tríd (nó tríthu) agus go bhfuil sé (nó siad) láidir go leor chun leanúnachas agus rialtacht a chinntiú i bhfeidhmíocht a chuid seirbhísí agus gníomhaíochtaí infheistíochta i dtimpeallacht trádála uathobrithe.

Treoirlínte mionsonraithe

2. Nuair atá an treoirlíne ghinearálta á leanúint ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas ar a laghad:

a) Rialachas

- Tá an próiseas rialachais bunriachtanach i ndáil le hoibleagáidí rialála a chomhlíonadh. Ba chóir do ghnólachtaí infheistíochta, laistigh dá gcreat rialachais agus cinnteoireachta foriomlán, a gcuid córas trádála leictreonaí, lena n-áirítear algartaim thrádála, a fhorbairt, a sholáthar (lena n-áirítear seachfhoinisí) agus a mhonatúirí trí phróiseas rialachais soiléir agus foirmiúil. Ní mór

don phróiseas rialachais seo a chinntiú go dtugtar aird mar is cuí ar na breithnithe ábhartha go léir, lena n-áirítear breithnithe tráchtála, teicniúla, riosca agus comhlíonta, ar chóir a chur san áireamh agus príomhchinntí á ndéanamh. Go háirithe, ní mór dó prionsabail comhlíonta agus bainistíochta riosca a neadú. Ní mór go mbainfeadh línte cuntasachta soiléire leis an bpróiseas rialachais freisin, lena n-áirítear nósanna imeachta i ndáil le hainm a chur le forbairt, úsáid tosaigh, nuashonruithe ina dhiaidh sin agus réiteach ar fhadhbanna a shainaithnítear trí mhonatóireacht. Ba cheart go mbeadh nósanna imeachta cuí ann freisin le faisnéis a chur in iúl.

- Sa phróiseas rialachais, ba cheart go mbeadh foirne comhlíonta freagrach as soiléireacht a sholáthar maidir le hoibleagáidí rialála na gnólachta agus maidir leis na beartais agus nósanna imeachta a iarrann a chinntiú go gcloíonn úsáid na gcóras trádála agus na n-algartam le hoibleagáidí na gnólachta agus go mbraitear aon teipeanna i ndáil le comhlíonadh. Ciallaíonn sé sin go gcaithfidh foirne comhlíonta tuiscint a bheith acu ar an gcaoi a bhfeidhmíonn córais trádála agus algartaim, ach ní gá go mbeadh eolas acu ar airíonna teicniúla na gcóras trádála nó na n-algartam.

b) Inniúlacht agus athléimneacht

- Ba chóir go mbeadh toilleadh leordhóthanach ag córais trádála leictreonaí na gnólachta infheistíochta chun freastal do líon teachtaireachtaí atá intuartha i bpáirt. Ba cheart go mbeadh toilleadh inscálaithe agus in ann freagairt do shreabhadh teachtaireachta méadaitheach agus do choinníollacha éigeandála a d'fhéadfadh feidhmiú ceart an chórais a chur i mbaol.

c) Leanúnachas Gnó

- Ba chóir go mbeadh socruithe leanúnachais ghnó leordhóthanacha, réasúnta agus éifeachtacha i ndáil lena gcuid córas trádála leictreonaí ag gnólachtaí infheistíochta chun déileáil le teagmhais suaiteacha (a bhféadfaidh, mar is gá, filleadh tráthúil ar thrádáil a chinntiú) lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do theipeanna córais, de bharr gur cheart go gclúdódh na socruithe, mar is cuí, ábhair cosúil le:
 - a. Rialachas le haghaidh forbairt agus imscaradh na socruithe;
 - b. Breithniú ar raon leordhóthanach de chásanna féideartha maidir le feidhmiú a gcuid córas trádála leictreonaí a éilíonn socruithe leanúnachais shonracha;
 - c. Cóip chúltaca a dhéanamh de shonraí rithábhachtacha gnó (lena n-áirítear sonraí comhlíonta) a shreabhann trína gcórais trádála leictreonaí;
 - d. Na nósanna imeachta maidir le bogadh chuig an gcóras trádála leictreonaí agus é a fheidhmiú ó shuíomh taca;
 - e. Oiliúint foirne maidir le feidhmiú na socruithe agus ról dhaoine aonair laistigh dóibh; agus
 - f. Clár leanúnach chun tástáil, meastóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe lena n-áirítear nósanna imeachta chun na socruithe a mhodhnú i bhfianaise thorthaí an chláir sin.

d) Tástáil

- Ba chóir go ghnólachtaí infheistíochta, sula n-imscartar córas trádála leictreonaí nó algartam trádála, agus sula n-imscartar nuashonruithe, úsáid a bhaint as modheolaíochtaí forbartha agus tástála atá leagtha amach go soiléir. Maidir le algartaim, d'fhéadfadh go n-áireoidís sin ionsamhlúcháin feidhmíochta/cúlthástáil nó tástáil as líne laistigh de thimpeallacht tástála de chuid ardáin trádála (ina gcuireann oibreoirí margaidh tástáil ar fáil). Ba chóir d'úsáid na modheolaíochtaí sin tréaniarracht a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil, i measc nithe eile, feidhmiú an chórais trádála leictreonaí nó an algartaim trádála i gcomhréir le hoibleagáidí na gnólachta infheistíochta faoi MiFID agus faoi dhlíthe náisiúnta agus Aontais ábhartha eile chomh maith le rialacha na n-ardán trádála a úsáideann siad, go bhfeidhmíonn rialaitheoirí comhlíonta agus bainistíochta riosca atá neadaithe sa chóras nó san algartam mar a bhí beartaithe (lena n-áirítear tuarascálacha earráide a ghiniúint go huathoibríoch) agus go bhféadfaidh an córas trádála leictreonaí nó an t-algartam leanúint ar aghaidh ag feidhmiú go héifeachtach i ndálaí anáis sa mhargadh. D'fhéadfadh (ach ní gá go ndéanadh) oibriú go héifeachtach i ndálaí anáis sa mhargadh a thabhairt le tuiscint go múchann an córas nó algartam faoi na dálaí sin.
- Ba chóir do ghnólachtaí infheistíochta tástálacha algartaim thrádála (lena n-áirítear tástálacha lasmuigh de thimpeallachtaí trádála beo) a chur in oiriúint don straitéis dá n-úsáidfídh an gnólacht an t-algartam (lena n-áirítear na margaí a sheolfaidh sí orduithe chucu agus a gcuid struchtúir). Ba chóir don gnólacht infheistíochta a chinntiú freisin go bhfuil na tástálacha sin i gcomhréir leis na rioscaí a d'fhéadfadh an straitéis seo a chruthú di féin agus d'fheidhmiú cothrom agus ordúil na margaí arna n-oibriú ag na hardáin trádála a bhfuil sé i gceist ag an ngnólacht go seolfaidh an t-algartam orduithe chucu. Ba chóir do ghnólachtaí infheistíochta tabhairt faoi tuilleadh tástála má athraíonn na margaí ina bhfuil an t-algartam le húsáid uathu sin a bhí beartaithe i dtosach báire.
- Ba chóir do ghnólachtaí infheistíochta imscaradh na n-algartam trádála a chur i bhfeidhm i dtimpeallacht bheo ar bhealach rialaithe agus cúramach trí, mar shampla, teorainneacha a chur le líon na n-ionstraimí airgeadais á dtrádáil, le luach agus líon na n-orduithe, agus le líon na margaí ar seoltar orduithe chucu chun cur ar chumas na gnólachta a sheiceáil go bhfeidhmíonn algartam mar a bhíodhas ag súil leis i dtimpeallacht bheo agus chun athruithe a dhéanamh mura ndéanann sé.

e) Monatóireacht agus athbhreithniú

- Ba chóir do ghnólachtaí infheistíochta monatóireacht a dhéanamh i bhfíor-am ar a gcuid córas trádála leictreonaí, lena n-áirítear algartaim thrádála. Ba chóir dóibh déileáil go leordhóthanach le fadhbanna a shainaithnítear in ord tosaíochta a luaithe agus is féidir ar bhonn réasúnach agus a bheith in ann, nuair is gá, a gcóras trádála leictreonaí nó algartam trádála a choigeartú, a thabhairt chun críche nó a dhúnadh síos láithreach bonn. Ba chóir do ghnólachtaí infheistíochta, agus iad ag dul i mbun gnímh chun déileáil le fadhbanna lena gcórais trádála leictreonaí, aird mar is cuí a thabhairt ar an ngá, a mhéid agus is féidir, go ngníomhódh comhaltaí/rannpháirtithe agus úsáideoirí na margaí rialaithe ar bhealach comhordaithe.
- Ba chóir do ghnólachtaí infheistíochta athbhreithniú agus meastóireacht tréimhsiúil a dhéanamh ar a gcórais trádála leictreonaí agus algartaim trádála, agus ar an creat rialachais, cuntasachta agus sínithe gaolmhar agus ar shocruithe leanúnachais ghnó gaolmhara. Ba chóir dóibh gníomhú de réir na n-athbhreithnithe agus meastóireachtaí sin chun easnaimh a shainaithnítear a leigheas.

Ba chóir go mbainfeadh leibhéal áirithe neamhspleáchais, ar féidir a bhaint amach, mar shampla, le rannpháirtíocht iniúchta inmheánaigh nó thríú páirtithe, leis an bpróiseas athbhreithnithe agus meastóireachta. Ba chóir go n-áireodh athbhreithnithe ar fheidhmíocht na n-algartam trádála measúnú ar an tionchar ar shláine agus athléimneacht margaidh chomh maith le brabús agus caillteanas de chuid na straitéisí dá n-imscartar an t-algartam.

f) Slándáil

- Ba chóir go mbeadh nósanna imeachta agus socruithe le haghaidh slándála fisiciúla agus leictreonaí ag gnólachtaí infheistíochta atá deartha chun córais trádála leictreonaí agus algartaim thrádála a chosaint ó mhí-úsáid nó ó rochtain neamhúdaraíthe agus chun sláine na sonraí atá mar chuid de nó a ghabhann trí na córais agus na halgartaim a chinntiú.

g) Soláthar foirne

- Ba chóir go mbeadh nósanna imeachta agus socruithe, lena n-áirítear oiliúint agus earcú, ag gnólachtaí infheistíochta chun a gcuid riachtanas foirne a dhearbhu agus chun líon leordhóthanach fostaithe leis na scileanna agus an saineolas riachtanach chun bainistíocht a dhéanamh ar a gcórais trádála leictreonaí agus algartaim thrádála a fhostú. Áireoidh sé sin foirne a fhostú a bhfuil eolas acu ar chórais trádála leictreonaí agus algartaim ábhartha, ar mhonatóireacht agus tástáil ar chórais agus algartaim dá leithéid, agus ar na cineálacha straitéisí trádála a dtugann an ghnólacht fúthu trína cuid córas agus algartam trádála agus ar oibleagáidí rialála na gnólachta.

h) Coimeád taifead agus comhar

- Ba chóir do ghnólachtaí infheistíochta taifid dá gcórais trádála leictreonaí (agus algartaim thrádála), maidir le hábhair a chlúdaítear in alt 3, a choimeád go ceann cúig bliana ar a laghad, lena n-áirítear faisnéis faoi phríomhchinntí, an straitéis nó na straitéisí trádála a bhfuil gach algartam imscartha le cur i gcrích, airíonna córais, modheolaíochtaí tástála, torthaí trialach agus athbhreithnithe tréimhsiúla. Ba chóir go mbeadh na taifid mionsonraithe go leor le cur ar chumas údaráis inniúla monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh ghnólachtaí i dtaca lena gcuid oibleagáidí ábhartha.
- Ba chóir do ghnólachtaí infheistíochta údaráis inniúla a chur ar an eolas, i gcomhréir le socruithe maoirseachta atá ina mBallstát féin, faoi aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh cur isteach ar bhainistíocht fóna oibríochtaí teicniúla a gcuid córas trádála leictreonaí agus algartam agus faoi theagmhais ollmhóra ina bhforbraíonn na rioscaí sin.

Treoirline 3. Riachtanais eagraíochtúla do mhargaí rialaithe agus saoráidí trádála iltaobhacha chun trádáil chothrom agus ordúil a chur chun cinn i dtimpeallacht trádála uathoibrithe

Reachtaíocht ábhartha.

Airteagal 39, míreanna (b), (c) agus (d), Airteagal 42, agus Airteagal 43 de chuid MiFID le haghaidh margá rialaithe.

Airteagal 14, míreanna (1) agus (4), Airteagal 13, míreanna (2), (5) agus (6), Airteagal 42, mír (3), agus Airteagal 26 de chuid MiFID agus Airteagail 13 agus 14 agus Airteagal 51 de chuid Treoir um Chur Chun Feidhme an MiFID le haghaidh saoráidí trádála iltaobhacha

Treoirlíne ghinearálta

1. Ba chóir do rialacha agus nósanna imeachta na margaí rialaithe agus saoráidí trádála iltaobhacha i ndáil le trádáil chothrom agus ordúil ar a gcuid margaí leictreonacha a bheith oiriúnach do nádúr agus scála na trádála ar na margaí sin, lena n-áirítear na cineálacha comhaltaí, rannpháirtithe agus úsáideoirí agus a gcuid straitéisí trádála.

Treoirlínte mionsonraithe

2. Nuair atá an treoirlíne ghinearálta á leanúint, ba chóir go n-áireodh rialacha agus nósanna imeachta na n-ardán trádála na nithe seo a leanas ar a laghad:

a) Riachtanais do chomhaltaí nó rannpháirtithe nach ionann iad agus institiúidí creidmheasa nó gnólachtaí infheistíochta

- Ba chóir d'ardáin trádála a ndícheall a dhéanamh i ndáil le hiarratais ó dhaoine nach ionann iad agus institiúidí creidmheasa nó gnólachtaí infheistíochta faoi dhlí an AE maidir le bheith ina gcomhaltaí/rannpháirtithe nó úsáideoirí.
- Ba chóir go mbeadh riachtanais eagraíochtúla ag ardáin trádála do chomhaltaí nó rannpháirtithe nach ionann iad agus institiúidí creidmheasa nó gnólachtaí infheistíochta (ag cur, mar is cuí, na rialaitheoirí forchurtha ar ghnólachtaí údairithe lasmuigh den LEE san áireamh), lena n-áirítear riachtanais maidir le trádáil a mhonatóiriú in aghaidh rialacha an ardáin agus na bainistíochta riosca. Ba chóir go n-éileodh rialacha na n-ardán trádála ar chomhaltaí/rannpháirtithe agus ar úsáideoirí nach ionann iad agus gnólachtaí infheistíochta na treoirlínte atá leagtha síos sa pháipéar seo do ghnólachtaí infheistíochta a leanúint.

b) Comhoiriúnacht TF

- Ba chóir go mbeadh tástáil comhréireachta chaighdeánaithe ag ardáin trádála lena chinntiú go mbaineann íosleibhéal feidhmiúlachta atá i gcomhréir le córas trádála leictreonáil na n-ardán trádála leis na córais atá á n-úsáid ag comhaltaí agus rannpháirtithe chun teacht ar an ardán agus nach gcuirfidh siad trádáil chothrom agus ordúil ar an ardán i mbaol.

c) Rialaitheoirí réamh-thrádála agus iar-thrádála

- Chun a chinntiú go bhfuil an trádáil ar an ardán ordúil, ba chóir go mbeadh riachtanais íosta ag ardáin trádála do rialaitheoirí réamh-thrádála agus iar-thrádála na gcomhaltaí/rannpháirtithe agus na n-úsáideoirí ar a gcuid gníomhaíochtaí trádála (lena n-áirítear rialaitheoirí chun a chinntiú nach bhfuil rochtain neamhúdairithe ar bith ar chórais trádála). Go háirithe, ba chóir go mbeadh rialaitheoirí i bhfeidhm maidir le praghas agus cainníocht ordaithe a scagadh (tá an riachtanas seo gan dochar do fhreagracht na gcomhaltaí/rannpháirtithe nó na n-úsáideoirí a gcuid rialaitheoirí réamh-thrádála agus iar-thrádála féin a chur chun feidhme).

d) Rochtain agus eolas trádálaí

- Ba chóir go mbeadh caighdeáin ag ardáin trádála a chlúdaíonn eolas dhaoine laistigh de chomhaltaí/rannpháirtithe agus úsáideoirí a bheidh ag baint úsáide as córais um iontráil ordú.

d) Teorainneacha le rochtain agus idirghabháil i ndáil le hidirbhearta.

- Ba chóir go mbeadh sé de chumas ag ardáin trádála cosc iomlán nó páirteach a chur le rochtain chomhalta nó rannpháirtí ar a gcuid margai agus idirbheart a chur ar ceal, a leasú nó a cheartú. Ba chóir go mbeadh na rialacha agus nósanna imeachta a bhaineann le trádálacha a chur ar ceal, a leasú nó a cheartú trédhearcach do chomhaltaí/rannpháirtithe agus d'úsáideoirí an mhargaidh rialaithe nó na saoráide trádála iltaobhaí.

e) Bearta chun déileáil le líonadh iomarcach an leabhair ordaithe.

- Ba chóir go mbeadh socruithe i bhfeidhm ag ardáin trádála chun cosc a chur le líonadh iomarcach an leabhair ordaithe ag tráth faoi leith, eadhon trí theorainneacha in aghaidh an rannpháirtí maidir le líon na n-orduithe a iontráiltear.

f) Cosc le sárú ar theorainneacha acmhainne.

- Ba chóir go mbeadh socruithe i bhfeidhm ag ardáin trádála (cosúil le scóigeadh) chun cosc a chur le sárú ar theorainneacha acmhainne maidir le cur teachtaireachtaí. Ar a laghad, ba chóir creat na socruithe sin a chur ar fáil do chomhaltaí/rannpháirtithe agus d'úsáideoirí.

g) Bearta chun srian nó stad a chur le trádáil.

- Ba chóir go mbeadh socruithe (mar shampla, bristeacha luaineachta nó diúltú uathoibríoch d'orduithe atá lasmuigh de thairsí méide agus praghais socraithe áirithe) i bhfeidhm ag ardáin trádála chun srian nó stad a chur le trádáil in ionstraimí airgeadais aonair nó iomadúla nuair is gá, d'fhonn margadh ordúil a choinneáil. Ar a laghad, ba chóir creat na socruithe sin a chur ar fáil do chomhaltaí/rannpháirtithe agus d'úsáideoirí.

h) Ag gnóthú faisnéise ó chomhaltaí/rannpháirtithe agus úsáideoirí

- Ba chóir go mbeadh sé de chumas ag ardáin trádála faisnéis a ghnóthú ó chomhalta/rannpháirtí nó úsáideoir chun monatóireacht ar chomhlíonadh i dtaca le rialacha agus nósanna imeachta an mhargaidh rialaithe nó na saoráide trádála iltaobhaí maidir le riachtanais eagraíochtúla agus rialaitheoirí trádála a éascú.

j) Monatóireacht

- Ba chóir d'ardáin trádála, am ar bith atá an t-ardán trádála i bhfeidhm, monatóireacht atá chomh cóngarach agus is féidir d'fhíor-am a dhéanamh ar a gcuid margai le haghaidh comharthaí féideartha de thrádáil mhí-ordúil. Ba chóir d'fhoirne a thuigeann feidhmiú an mhargaidh an mhonatóireacht sin a chur i gcrích. Ba chóir go mbeadh na foirne sin inrochtana d'údarás inniúil baile an ardáin agus ba cheart go mbeadh údarás acu beart ceartaitheach a ghlacadh, nuair is gá, chun trádáil chothrom agus ordúil a chosaint.

k) Coimeád taifead agus comhar

- i) Ba chóir d'ardáin trádála taifid a choimeád de na hábhair clúdaithe ag pointí a) go j) thuas, lena n-áirítear saincheistanna a thagann chun cinn i ndáil le beartais agus nósanna imeachta luaite. Ba chóir go mbeadh na taifid mionsonraithe go leor le cur ar chumas údarás inniúil monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh i dtaca le hoibleagáidí ábhartha na n-ardán trádála. Ba chóir d'oibreoirí margaidh agus do ghnólachtaí infheistíochta a fheidhmíonn saoráidí trádála iltaobhacha na taifid a choimeád go ceann 5 bliana ar a laghad. Ba chóir d'oibreoirí margaidh a fheidhmíonn margaí rialaithe iad a choimeád chomh fada agus a éilíonn a n-údarás inniúil baile é.
- ii) Ba chóir d'ardáin trádála údaráis inniúla a chur ar an eolas, i gcomhréir leis na socruithe maoirseachta atá ina mBallstát féin, faoi rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh cur isteach ar thrádáil chothrom agus ordúil agus faoi theagmhais ollmhóra ina bhforbraíonn na rioscaí sin.

Treoirlíne 4. Riachtanais eagraíochtúla do ghnólachtaí infheistíochta chun trádáil chothrom agus ordúil a chur chun cinn i dtimpeallacht trádála uathoibrithe

Reachtaíocht ábhartha. Airteagal 13, míreanna (2), (4), (5) agus (6), de chuid MiFID agus Airteagail 5, 6, 7 agus 9, Airteagail 13 agus 14 agus Airteagal 51 de chuid Treoir um Chur Chun Feidhme an MiFID

Treoirlíne ghinearálta

1. Ní mór go mbeadh beartais agus nósanna imeachta ag gnólachtaí infheistíochta chun a chinntiú go gcloíonn a ngníomhaíochtaí trádála uathoibrithe, lena n-áirítear cá bhfuil siad ag soláthar DMA nó SA, ar ardáin trádála lena gcuid riachtanas rialála faoi MiFID agus faoi dhlíthe náisiúnta agus Aontais ábhartha eile agus, go háirithe, go mbainistíonn siad na rioscaí a bhaineann leis na gníomhaíochtaí trádála sin.

Treoirlínte mionsonraithe

2. Nuair atá an treoirlíne ghinearálta á leanúint, ba cheart do ghníomhaíochtaí trádála uathoibrithe na ngnólachtaí infheistíochta aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas ar a laghad:

a) Paraiméadair phraghais nó mhéide

- Ba chóir go mbeadh gnólachtaí infheistíochta in ann orduithe nach gcomhlíonann paraiméadair phraghais nó mhéide (difreáilte mar is gá le haghaidh ionstraimí airgeadais éagsúla) a bhlocáil nó a chur ar ceal go huathoibríoch, de réir oird nó thar thréimhse shonraithe ama nó sa dá bhealach.

b) Cead trádála

- Ba chóir go mbeadh gnólachtaí infheistíochta in ann orduithe ó thrádálaí a bhlocáil nó a chur ar ceal go huathoibríoch má tá eolas acu i ndáil le hionstraim airgeadais nach bhfuil cead trádála ag trádálaí.

c) Bainistíocht riosca

- Ba chóir go mbeadh gnólachtaí infheistíochta in ann orduithe a bhlocáil nó a chur ar ceal go huathoibríoch nuair atá baol ann go ndéanfaidís comhghéilleadh ar thairsí bainistíochta riosca na gnólachta féin. Ba chóir rialaitheoirí a chur i bhfeidhm de réir mar is gá agus ba cheart go mbeidís oiriúnach do nochtaí do chliaint aonair nó d'ionstraimí airgeadais nó grúpaí de chliaint nó ionstraimí airgeadais, nochtaí de thrádálaithe aonair, deasca trádála nó an ghnólacht infheistíochta ina iomláine.

d) Comhsheasmhacht leis an gcreat rialála agus dlíthiúl

- Ba chóir go mbeadh córais leictreonacha na ngnólachtaí infheistíochta, agus na horduithe a ghineann siad sin, comhsheasmhach le hoibleagáidí na gnólachta faoi MiFID, nó faoi reachtaíocht náisiúnta nó Aontais ábhartha eile, nó faoi rialacha an RM nó MTF a bhfuil sé i gceist an t-ordú a sheoladh chucu (lena n-áirítear rialacha maidir le trádáil chothrom agus ordúil).

e) Oibleagáidí tuairiscithe i ndáil le socruithe maoirseachta

- Ba chóir do ghnólachtaí infheistíochta údaráis inniúla a chur ar an eolas, i gcomhréir leis na socruithe maoirseachta atá ina mBallstát féin, faoi rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh cur isteach ar thrádáil chothrom agus ordúil agus faoi theagmhais ollmhóra ina bhforbraíonn na rioscaí sin.

f) Sárú na rialaitheoirí réamh-thrádála

- Ba chóir go mbeadh nósanna imeachta agus socruithe ag gnólachtaí infheistíochta chun déileáil le horduithe atá blocáilte go huathoibríoch ag rialaitheoirí réamh-thrádála na gnólachta ach ar mian leis an ngnólacht infheistíochta a chur faoi bhráid. Ba chóir go gcuirfeadh na nósanna imeachta agus socruithe seo foirne comhlíonta agus bainistíochta riosca ar an eolas nuair atá rialaitheoirí á sárú agus nuair a éilítear a bhfaomhadh le haghaidh sárú na rialaitheoirí sin.

g) Oiliúint maidir le nósanna imeachta um iontráil ordú

- Ba chóir do ghnólachtaí infheistíochta a chinntiú go bhfuil oiliúint leordhóthanach maidir le nósanna imeachta um iontráil ordú ag fostaithe atá bainteach le horduithe a iontráil, mar shampla trí oiliúint sa láthair oibre le trádálaithe le taithí nó oiliúint sa seomra ranga, lena n-áirítear riachtanais forchurtha ag ardáin trádála a chomhlíonadh, sula bhfuil cead acu córais um iontráil ordú a úsáid.

h) Monatóireacht agus inrochtaineacht na foirne eolaí agus faoi shainordú

- Ba chóir do ghnólachtaí infheistíochta, le linn na n-uaireanta ina bhfuil siad ag seoladh orduithe go hardáin trádála, monatóireachta chomh cóngarach agus is féidir d'fhíor-am a dhéanamh ar a gcuid orduithe, lena n-áirítear ó thaobh trasmhargaidh de, le haghaidh comharthaí féideartha de thrádáil mhí-ordúil. Ba chóir d'fhoirne a thuigeann sreabhadh trádála na gnólachta an mhonatóireacht sin a chur i gcrích. Ba chóir go mbeadh comhaltaí foirne sin inrochtana d'Údarás Inniúil na gnólachta agus do na hardáin trádála ar a bhfuil an ghnólacht gníomhach agus ba cheart go mbeadh údarás acu beart ceartaitheach a ghlacadh, nuair is gá.

i) Mionscrúdú ag foirne comhlíonta

- Ba chóir do ghnólachtaí infheistíochta a chinntiú go bhfuil foirne comhlíonta in ann gníomhaíocht trádála leictreonaí na gnólachta a leanúint go dlúth ionas gur féidir leo freagra tapa a thabhairt ar aon teipeanna nó bristeacha rialála a d'fhéadfadh tarlú agus iad a cheartú.

j) Rialú na tráchta teachtaireachta

- Ba chóir do ghnólachtaí infheistíochta a chinntiú go bhfuil smacht acu ar thrácht teachtaireachta chuig ardáin trádála aonair.

k) Bainistiú riosca oibriúcháin

- Ba chóir do ghnólachtaí infheistíochta na rioscaí oibriúcháin i dtrádáil leictreonach a bhainistiú trí shocruithe rialachais oiriúnacha agus comhréireacha, rialuithe inmheánacha agus córais tuairiscithe inmheánacha, ag cur, mar is cuí, Treoirlínte CEBS maidir le Bainistiú Riosca Oibriúcháin i nGníomhaíochtaí Bainteach leis an Margadh san áireamh¹.

l) Comhoiriúnacht TF

- Ba chóir do ghnólachtaí infheistíochta a chinntiú go mbaineann íosleibhéal feidhmiúlachta atá i gcomhréir le córais trádála leictreonaí an ardáin trádála leis na córais atá á n-úsáid acu chun teacht ar ardán trádála agus nach gcuirfidh siad trádáil chothrom agus ordúil ar an ardán sin i mbaol.

m) Coimeád taifead agus comhar

- i. Ba chóir do ghnólachtaí infheistíochta taifid a choimeád, go ceann cúig bliana ar a laghad, de na hábhair clúdaithe ag pointí a) go l) thuas. Ba chóir go mbeadh na taifid mionsonraithe go leor le cur ar chumas údaráis inniúla monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh ghnólachtaí i dtaca lena gcuid oibleagáidí ábhartha.
- ii. Ba chóir do ghnólachtaí infheistíochta údaráis inniúla a chur ar an eolas, i gcomhréir leis na socruithe maoirseachta atá ina mBallstát féin, faoi rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh cur isteach ar thrádáil chothrom agus ordúil agus faoi theagmhais ollmhóra ina bhforbraíonn na rioscaí sin.

Treoirlíne 5. Riachtanais eagraíochtúla do mhargaí rialaithe agus saoráidí trádála iltaobhacha chun mí-úsáid mhargaidh (go háirithe cúbláil mhargaidh) a chosc i dtimpeallacht trádála uathoibrithe

Reachtaíocht ábhartha

Airteagal 39, míreanna (b) agus (d), agus Airteagal 43 de chuid MiFID agus Airteagal 6, míreanna (6) agus 9, de chuid MAD agus Airteagail 7 go 10 de chuid Treoir um Chur Chun Feidhme an MAD 2004/72/CE le haghaidh margaí rialaithe.

¹ Ar fáil ar [http://www.esa.europa.eu/documents/Publications/Standards---Guidelines/2010/Management-of-op-risk/CEBS-2010-216-\(Guidelines-on-the-management-of-op-.aspx](http://www.esa.europa.eu/documents/Publications/Standards---Guidelines/2010/Management-of-op-risk/CEBS-2010-216-(Guidelines-on-the-management-of-op-.aspx)

Airteagal 14, mír (1), Airteagal 13, míreanna (2), (5) agus (6), agus Airteagal 26 de chuid MiFID, Airteagail 5 go 9 agus Airteagal 51 de chuid Treoir um Chur Chun Feidhme an MiFID agus Airteagal 6, míreanna (6) agus (9) de chuid MAD agus Airteagail 7 go 10 de chuid Treoir um Chur Chun Feidhme an MAD 2004/72/CE le haghaidh saoráidí trádála iltaobhacha.

Treoirlíne ghinearálta

1. Ba chóir go mbeadh socruithe agus nósanna imeachta éifeachtacha ag ardáin trádála, ag tabhairt airde ar na socruithe/an rialachán maoirseachta sonrach ina mBallstát, a chuireann ar a gcumas iompar a gcuid comhaltaí/rannpháirtithe agus úsáideoirí lena bhféadfadh mí-úsáid mhargaidh (go háirithe cúbláil mhargaidh) a bheith bainteach i dtimpeallacht trádála uathoibrithe a shainaithint.
2. I measc na gcásanna féideartha de chúbláil mhargaidh a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar inní ar leith i dtimpeallacht trádála uathoibrithe tá:
 - **Orduithe pingé**– orduithe beaga a iontráil d'fhonn leibhéal na n-orduithe folaithe a fháil amach agus úsáidte ach go háirithe chun an méid atá ag luí ar ardán dorchá a mheas.
 - **Stuáil cuóta**- líon mór orduithe agus/nó cealuithe/nuashonruithe ar orduithe a iontráil ionas neamhchinnteacht a chruthú do rannpháirtithe eile, ag moilliú a bpróisis agus chun a gcuid straitéise féin a cheilt.
 - **Adhaint mhóimintim**- orduithe nó sraith orduithe a iontráil a bhfuil sé i gceist leo treocht a thosú nó a mhéadú, agus chun spreagadh a thabhairt do rannpháirtithe eile an treocht a luathú nó a fhairsingiú d'fhonn deis a chruthú chun suíomh a leachtú/oscailt ag praghas fabhrach.
 - **Srathú agus Aithris**– ag cur orduithe iomadúla faoi bhráid go minic i bhfad ón tadhall ar thaobh amháin den leabhar ordaithe agus é ar intinn trádáil a chur i gcrích ar an taobh eile den leabhar ordaithe. A luaithe agus a tharlaíonn an trádáil sin, bainfear na horduithe ionramhálacha.

Treoirlínte mionsonraithe

3. Nuair atá an treoirlíne ghinearálta á leanúint, ba cheart do shocruithe agus nósanna imeachta na n-ardán trádála, a iarrann iompar a gcuid comhaltaí/rannpháirtithe agus úsáideoirí lena bhféadfadh mí-úsáid mhargaidh agus go háirithe cúbláil mhargaidh a bheith bainteach i dtimpeallacht trádála uathoibrithe a chosc agus a shainaithint, na nithe seo a leanas a áireamh:

a) Soláthar foirne

- Ba chóir d'ardáin trádála go leor fostaithe a bheith acu le tuiscint ar rialachán agus ar ghníomhaíocht trádála agus leis an scil chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht trádála i dtimpeallacht trádála uathoibrithe agus iompar a bhfuiltear in amhras go mbaineann mí-úsáid mhargaidh (go háirithe cúbláil mhargaidh) leis a shainaithint sa chás go mbíonn siad freagrach as mí-úsáid mhargaidh a mhonatóiriú.

b) Monatóireacht

- Ba chóir go mbeadh córais (lena n-áirítear córais foláirimh uathoibrithe i ndáil le hidirbhearta agus orduithe) ag ardáin a bhfuil acmhainn leordhóthanach acu ar a laghad chun freastal do

ghiniúint ardmhinicíochta d'orduithe agus d'idirbhearta agus tarchur folaigh íseal, d'fhonn monatóireacht a dhéanamh, ag baint úsáide as leibhéal leordhóthanach de ghráinneacht ama, ar orduithe iontráilte agus idirbhearta déanta ag comhaltaí/rannpháirtithe agus úsáideoirí agus ar aon iompar lena bhféadfadh mí-úsáid mhargaidh (go háirithe cúbláil mhargaidh, lena n-áirítear, nuair atá radharc ag an ardán trádála air, iompar trasmhargaidh) a bheith bainteach agus a bhfuil sé de chumas acu idirbhearta déanta ag comhaltaí/rannpháirtithe agus úsáideoirí a rianú chomh maith le horduithe iontráilte/curtha ar ceal lena bhféadfadh mí-úsáid mhargaidh a bheith bainteach.

c) Socruithe maidir le hidirbhearta agus orduithe amhrasacha a shainaithint agus a thuairisciú

- Ba chóir go mbeadh socruithe i bhfeidhm ag ardáin trádála chun idirbhearta a shainaithint, agus moltar freisin go clúdódh na socruithe sin orduithe², a éilíonn STR d'údarás inniúla maidir le mí-úsáid mhargaidh (go háirithe cúbláil mhargaidh) agus chun na tuairiscithe sin a dhéanamh gan mhoill (má thugtar faoi fhiosrúcháin thosaigh, ba cheart tuairisc a dhéanamh a luaithe agus is féidir má theipeann ar na fiosrúcháin sin teacht ar mhíniú sásúil don iompar breathnaithe).

d) Léirmheasanna

- Ba chóir d'ardáin trádála athbhreithnithe tréimhsiúla agus iniúchtaí inmheánacha a dhéanamh ar nósanna imeachta agus ar shocruithe chun iompar lena bhféadfadh mí-úsáid mhargaidh a bheith bainteach a chosc agus a shainaithint.

e) Coimeád taifead

- Ba chóir d'ardáin trádála taifid a choimeád de na hábhair clúdaithe ag pointí a) go d) thuas, lena n-áirítear rianta iniúcháireachta éifeachtacha maidir leis an gcaoi a ndéileáiltear le gach foláireamh faoi iompar amhrasach féideartha cibé an dtuairiscítear nó nach dtuairiscítear do na húdaráis inniúla ábhartha é. Ba chóir go mbeadh na taifid mionsonraithe go leor le cur ar chumas údaráis inniúla monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh i dtaca le hoibleagáidí ábhartha na n-ardán trádála. Ba chóir d'oibreoirí margaidh agus do ghnólachtaí infheistíochta a fheidhmíonn saoráidí trádála iltaobhacha na taifid a choimeád go ceann 5 bliana ar a laghad. Ba chóir d'oibreoirí margaidh a fheidhmíonn margáí rialaithe iad a choimeád chomh fada agus a éilíonn a n-údarás inniúil baile é.

Treoirlíne 6. Riachtanais eagraíochtúla do ghnólachtaí infheistíochta chun mí-úsáid mhargaidh (go háirithe cúbláil mhargaidh) a chosc i dtimpeallacht trádála uathoibrithe

² An chéad agus an tríú sraith de threoir ag Leibhéal 3 ó CESR maidir le cur chun feidhme an MAD, tá treoirlínte soláthartha ag CESR cheana féin i ndáil le tuarascálacha um idirbhearta amhrasacha (STR), a shonraíonn: "Tá CESR den tuairim sa chás go gcruthaíonn ordú neamhchomhlíonta le haghaidh idirbhirt amhras faoi mhí-úsáid mhargaidh, moltar an t-amhras sin, nuair nach bhfuil sé éilte go dlíthiúil cheana féin ar bhonn náisiúnta, a thuairisciú don údarás inniúil." Soláthraíonn an treoir foirm tuairiscithe STR chaighdeánach freisin (Codanna IV agus V de threoir na Bealtaine 2005 (Tag : CESR/04-505b) agus Cuid 2 de threoir na Bealtaine 2009 (Tag : CESR/09-219)).

Reachtaíocht ábhartha. *Airteagal 13, míreanna (2), (5) agus (6), de chuid MiFID agus Airteagal 5, 6 agus 9 de chuid Treoir um Chur Chun Feidhme an MiFID, agus Airteagal 6, mír (9), de chuid MAD agus Airteagail 7 go 10 de chuid Treoir um Chur Chun Feidhme an MAD 2004/72/CE*

Treoirlíne ghinearálta

1. Ba chóir go mbeadh beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm ag gnólachtaí infheistíochta chun an baol go mbeadh a gcuid gníomhaíochta trádála uathobrithe mar chúis le mí-úsáid mhargaidh (go háirithe cúbláil mhargaidh) a íoslaghdú.
2. Rinneadh cur síos i dtreoirlíne 5 (mír 2 faoi Threoirlíne ginearálta) ar na cineálacha cúblála margaidh a d'fhéadfadh a bheith ina n-ábhar inniúil ar leith i dtimpeallacht trádála ard-uathobrithe.

Treoirlínte mionsonraithe

3. Nuair atá an treoirlíne ghinearálta á leanúint, ba chóir go n-áireodh beartais agus nósanna imeachta na ngnólachtaí infheistíochta atá i mbun gníomhaíochtaí trádála uathobrithe na nithe seo a leanas ar a laghad:

a) Tuisceant, scil agus údarás na foirne comhlíonta

- Ba chóir go mbeadh nósanna imeachta ag gnólachtaí infheistíochta chun iarracht a dhéanamh a chinntiú go bhfuil go leor tuisceana (ar rialachán agus gníomhaíocht trádála araon), scile agus údaráis ag na foirne a fheidhmíonn an fheidhm chomhlíonta chun dúshlán a chur faoi fhoirne atá freagrach as trádáil nuair atá amhras ann go mbaineann an gníomhaíocht trádála le mí-úsáid mhargaidh (go háirithe cúbláil mhargaidh).

b) Oiliúint i ndáil le mí-úsáid mhargaidh

- Ba chóir do ghnólachtaí infheistíochta oiliúint athnuachana thosaigh agus rialta a sholáthar maidir le céard atá i gceist le mí-úsáid mhargaidh (go háirithe cúbláil mhargaidh) do gach duine atá bainteach le horduithe a chur i gcrích thar ceann cliant agus ag déileáil ar a gcuntas féin.

c) Gníomhaíocht a mhonatóiriú

- Ba chóir do ghnólachtaí infheistíochta monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí dhaoine aonair/algartam ag trádáil thar ceann na gnólachta agus ar ghníomhaíochtaí trádála na gcliant, ag tabhairt aird ar orduithe curtha faoi bhráid, modhnaithe agus curtha ar ceal mar aon le hidirbhearta curtha i gcrích. Ba cheart go n-áireodh sé sin córais leordhóthanacha a bheith i bhfeidhm (lena n-áirítear córais foláirimh uathobrithe), leibhéal leordhóthanach de ghráinneacht ama a úsáid, chun aird a tharraingt ar aon iompar ar dóchúil go gcruthódh sé amhras faoi mhí-úsáid mhargaidh (go háirithe cúbláil mhargaidh), lena n-áirítear (nuair atá radharc ar an ngnólacht air) iompar trasmhargaidh.

d) Socruithe maidir le hidirbhearta agus orduithe amhrasacha a shainaithint agus a thuairisciú

- Ba chóir go mbeadh socruithe i bhfeidhm ag gnólachtaí infheistíochta chun idirbhearta a shainaithint, agus moltar go clúdódh na socruithe sin orduithe freisin, a éilíonn STR d'údaráis inniúla maidir le mí-úsáid mhargaidh (go háirithe cúbláil mhargaidh) agus chun na tuairiscithe

sin a dhéanamh gan mhoill (má thugtar faoi fhiosrúcháin thosaigh, ba cheart tuairisc a dhéanamh a luaithe agus is féidir má theipeann ar na fiosrúcháin sin teacht ar mhíniú sásúil don iompar breathnaithe).

e) Athbhreithnithe tréimhsiúla agus iniúchtaí inmheánacha de shocruithe agus nósanna imeachta comhlíonta

- Ba chóir do ghnólachtaí infheistíochta athbhreithnithe tréimhsiúla agus iniúchtaí inmheánacha a dhéanamh ar nósanna imeachta agus ar shocruithe chun iompar lena bhféadfadh mí-úsáid mhargaidh a bheith bainteach a chosc agus a shainaithint.

f) Socruithe arna n-athbhreithniú go minic ag rialú rochtana foirne ar chórais trádála.

- Ba chóir do ghnólachtaí infheistíochta taifid de na socruithe agus nósanna imeachta chun iompar lena bhféadfadh mí-úsáid mhargaidh a bheith bainteach, a chlúdaíonn na hábhair atá leagtha amach i bpointí a) go e) thuas, a choimeád go ceann 5 bliana ar a laghad, lena n-áirítear iniúchadh éifeachtach maidir leis an gcaoi a ndéileáiltear le gach foláireamh faoi iompar amhrasach féideartha cibé an dtuairiscítear nó nach dtuairiscítear do na húdaráis inniúla ábhartha é. Ba chóir go mbeadh na taifid seo mionsonraithe go leor le cur ar chumas údaráis inniúla monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh ghnólachtaí i dtaca lena gcuid oibleagáidí ábhartha.

Treoirlíne 7. Riachtanais eagraíochtúla do mhargaí rialaithe agus saoráidí trádála iltaobhacha a sholáthraíonn a gcuid comhaltaí/rannpháirtithe agus úsáideoirí dír-rochtain mhargaidh/rochtain urraithe

Reachtaíocht ábhartha.

Airteagal 39, mír (b), agus 43(1) de chuid MiFID le haghaidh margaí rialaithe.

Airteagal 14, mír (1), Airteagal 13, míreanna (2), (5) agus (6), agus Airteagal 26(1) de chuid MiFID agus Airteagail 5 go 9 agus Airteagal 51 de chuid Treoir um Chur Chun Feidhme an MiFID le haghaidh saoráidí trádála iltaobhacha

Treoirlíne ghinearálta

1. Ba chóir go mbeadh rialacha agus nósanna imeachta ag ardáin trádála a iarrann a chinntiú, nuair a cheadaíonn siad do chomhaltaí/rannpháirtithe agus d'úsáideoirí dír-rochtain mhargaidh/rochtain urraithe (DMA/SA) a sholáthar, go bhfuil soláthar DMA/SA i gcomhréir le trádáil chothrom agus ordúil. Tá sé tábhachtach go gcoimeádfadh ardáin trádála agus a gcomhaltaí/rannpháirtithe smacht ar agus go ndéanfaidís mhonatóireacht dhlúth ar a gcuid córas chun aon chur isteach féideartha ó na tríú páirtithe seo a íoslaghdú d'fhonn cosc a chur le hardáin trádála a bheith leochaileach i leith mí-iompair nó mí-úsáid mhargaidh féideartha i ndáil le cliaint DMA/SA nó a gcuid córas neamhleor/earráideach.

Treoirlínte mionsonraithe

2. Nuair atá an treoirlíne ghinearálta á leanúint, ba chóir d'ardáin trádála a shonrú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sé ceadaithe dá gcuid comhaltaí/rannpháirtithe nó úsáideoirí DMA agus/nó SA a

thairiscint. Nuair a cheadaíonn siad do chomhaltaí nó rannpháirtithe DMA agus/nó SA a thairiscint, ba chóir go n-áireodh a gcuid rialacha agus nósanna imeachta na nithe seo a leanas ar a laghad:

a) Freagracht deiridh as teachtaireachtaí, lena n-áirítear orduithe, agus idirghabhálacha agus smachtbhannaí faoi dheireadh

- Ba chóir d'ardáin trádála a léiriú go soiléir gurb é an comhalta/rannpháirtí nó úsáideoir amháin atá freagrach as gach teachtaireacht, lena n-áirítear orduithe a iontráiltear faoina chóid trádála agus mar sin go bhféadfadh sé a bheith faoi réir idirghabhálacha (lena n-áirítear rochtain de chuid an chomhalta/rannpháirtí nó úsáideora ar an ardán trádála a ghearradh) agus smachtbhannaí as ucht aon sárúithe ar na rialacha nó nósanna imeachta i leith na n-orduithe sin.

b) Fofhreagracht agus DMA/SA á soláthar

- Ba chóir go n-aibhseodh socruithe DMA/SA idir ardáin trádála agus gnólacht soláthraí DMA/SA go bhfuil an ghnólacht a sholáthraíonn dír-rochtain mhargaidh/rochtain urraithe freagrach don ardán trádála as gach trádáil ag baint úsáide as a gcód aitheantais um rannpháirtí margaidh nó aon aitheantas eile.

c) Riachtanais do chomhaltaí/rannpháirtithe DMA/SA a sholáthar

- De réir treoirlíne 3, ba chóir go n-éileodh ardáin trádála ar chomhaltaí/rannpháirtithe nó ar úsáideoirí córais leordhóthanacha agus rialaitheoirí éifeachtacha a bheith acu, lena n-áirítear rialaitheoirí réamh agus iar-thrádála, chun a chinntiú nach gcuireann soláthar DMA/SA isteach go mór ar chomhlíonadh i dtaca le rialacha an mhargaidh rialaithe nó na saoráide trádála iltaobhaí, nach mbíonn trádáil mhí-ordúil mar thoradh air nó nach n-éascaíonn sé iompar lena bhféadfadh mí-úsáid mhargaidh a bheith bainteach. Tá sé seo i gceist freisin nuair a sholáthraíonn comhalta/rannpháirtí nó úsáideoir DMA/SA.

d) Dícheall cuí roimh sholáthar DMA/SA

- Ba chóir go n-éileodh ardáin trádála ar chomhaltaí/rannpháirtithe nó ar úsáideoirí a ndícheall cuí a dhéanamh i ndáil le cliaint dá soláthraíonn siad DMA/SA.

e) Cearta rochtana

- Ba chóir go mbeadh ardáin trádála in ann iarratas ó chomhalta/rannpháirtí nó úsáideoir maidir le cead a thabhairt go soláthrófaí SA do chliant a dhiúltú nuair nach bhfuil an margadh rialaithe nó saoráid trádála iltaobhach sásta go mbeadh sé sin i gcomhréir lena rialacha agus nósanna imeachta le haghaidh trádála cothroime agus ordúla. Maidir le SA neamhurraithe déan tagairt le do thoil do threoirlíne 8.

f) Monatóireacht ar orduithe

- Ba chóir d'ardáin trádála, mar chuid dá n-oibleagáidí chun a gcuid margaí a mhonatóiriú faoi threoirlíne 3, monatóireacht a dhéanamh ar orduithe seolta chuig a gcórais ag cliant SA de chuid comhalta/rannpháirtí.

g) Idirghabhálacha féideartha i ndáil le SA

- i) Ba chóir go mbeadh ardáin trádála in ann an SA a chur ar fionraí nó a tharraingt siar tar éis di a bheith bronnata nuair nach bhfuil an margadh rialaithe nó saoráid trádála iltaobhaí sásta go mbeadh rochtain leanúnach i gcomhréir lena rialacha agus nósanna imeachta le haghaidh trádála cothroime agus ordúla.
- ii) Ba chóir go mbeadh sé de chumas ag ardáin trádála stop a chur le horduithe ó dhuine atá ag trádáil trí SA ar leithligh ó orduithe an chomhalta nó an rannpháirtí a dhéanann urraíocht ar rochtain an duine sin trí aitheantais chustaiméara uathúla a shannadh do chliant atá ag fáil rochtana ar an margadh trí SA.
- iii) Ba chóir go mbeadh ardáin trádála in ann athbhreithniú a dhéanamh, nuair is gá, ar chórais rialaithe riosca inmheánacha de chuid comhalta/rannpháirtí nó úsáideora i ndáil lena gcuid cliant um rochtain urraithe nó dír-rochtain mhargaidh.

i) Coimeád taifead

- Ba chóir d'ardáin trádála taifid a choimeád dá mbeartais agus nósanna imeachta a bhaineann le DMA/SA agus aon teagmhais shuntasacha maidir le trádáil SA. Ba chóir go mbeadh na taifid mionsonraithe go leor le cur ar chumas údarais inniúla monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh i dtaca le hoibleagáidí ábhartha na n-ardán trádála. Ba chóir d'oibreoirí margaidh agus do ghnólachtaí infheistíochta a fheidhmíonn saoráidí trádála iltaobhacha na taifid a choimeád go ceann 5 bliana ar a laghad. Ba chóir d'oibreoirí margaidh a fheidhmíonn margaidh rialaithe iad a choimeád chomh fada agus a éilíonn a n-údarás inniúil baile é.

Treoirlíne 8. Riachtanais eagraíochtúla do ghnólachtaí infheistíochta a sholáthraíonn dír-rochtain mhargaidh agus/nó rochtain urraithe

Reachtaíocht ábhartha. Airteagail 13(2), (5) agus (6) de chuid MiFID, agus Airteagail 5 go 9, Airteagail 13 agus 14 agus Airteagal 51 de chuid Treoir um Chur Chun Feidhme an MiFID

Treoirlíne ghinearálta

1. Tá gnólachtaí infheistíochta a thairgeann DMA/SA do chliant ('cliain DMA/SA') freagrach as trádáil na gcliain sin. Ní mór dóibh beartais agus nósanna imeachta a bhunú le cinntiú go gclóíonn trádáil na gcliain sin le rialacha agus nósanna imeachta na n-ardán trádála ábhartha a gcuirtear orduithe de chuid cliant dá leithéid faoina mbráid agus go gcuireann sí ar chumas na gnólachta infheistíochta a cuid oibleagáidí faoi MiFID agus faoi dhlí náisiúnta agus Aontais ábhartha eile a chomhlíonadh.

Treoirlínte mionsonraithe

2. Nuair atá an treoirlíne ghinearálta á leanúint, ba cheart do ghnólachtaí infheistíochta aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas ar a laghad:

a) Dícheall cuí i ndáil le cliain um dhír-rochtain mhargaidh/rochtain urraithe

- Ní mór do ghnólachtaí infheistíochta a ndícheall cuí a dhéanamh i ndáil le cliain DMA/SA ionchasacha, de réir na rioscaí cruthaithe ag nádúr na gcliain, scála agus castacht a gcuid

gníomhaíochtaí trádála ionchasacha agus an tseirbhís á soláthar. D'fhéadfadh go gclúdódh dícheall cuí, mar is cuí, ábhair cosúil le hoiliúint agus inniúlacht dhaoine a iontrálann orduithe, rialaitheoirí rochtana maidir le hiontráil ordú, leithdháileadh freagrachta as ucht déileáil le gníomhartha agus le hearráidí, pátrún/iompar trádála stairiúil an chliant (nuair atá sé ar fáil), agus cumas na gcliain a gcuid oibleagáidí airgeadais i dtaca leis an ngnólacht a chomhlíonadh. Le linn díchill chuí, féadfaidh gnólachtaí infheistíochta aird a thabhairt ar cibé an bhfuil an cliant ionchasach rialaithe faoi threoir, faoi dhlí náisiúnta de chuid Ballstáit nó faoi dhlí thríú tír, chomh maith lena gcuid staire araíonachta le húdaráis inniúla agus ardáin trádála. Ba chóir athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar an measúnú um dhícheall cuí.

b) Rialaitheoirí réamh-thrádála

- i. Rialaitheoirí réamh-thrádála ar orduithe chliant DMA/SA den chineál clúdaithe i mír 2 de Threoirlíne 4 maidir le riachtanais eagríochtúla do ghnólachtaí infheistíochta chun trádáil chothrom agus ordúil a chur chun cinn i dtimpeallacht trádála uathoibrithe, lena n-áirítear diúltú ionsuite agus uathoibríoch d'orduithe lasmuigh de pharaiméadair áirithe.
- ii. Ba chóir go mbeadh soiléireacht iomlán ann gurb í an ghnólacht infheistíochta amháin a cheart a bheith i dteideal paraiméadair na rialaitheoirí réamh-thrádála a mhodhnú (.i. níor cheart go mbeadh an cliant DMA/SA in ann a leithéid a dhéanamh).
- iii. Féadfaidh gnólachtaí infheistíochta a thairgeann DMA/SA rialaitheoirí réamh agus iar-thrádála a úsáid arb ionann iad agus rialaitheoirí dílsithe na gnólachta infheistíochta, rialaitheoirí tugtha isteach ó dhíoltóir, rialaitheoirí soláthartha ag lucht seachfhóinsithe nó rialaitheoirí tairgthe ag an ardán féin (.i. níor cheart gur rialaitheoirí de chuid an chliant um dhír-rochtain mhargaidh/rochtain urraithe a bheadh i gceist leo). I ngach cearn de na cúinsí seo, áfach, an ghnólacht infheistíochta atá freagrach as éifeachtacht na rialaitheoirí agus caithfidh gurb í amháin atá freagrach as na príomhparaiméadair a leagadh amach.

c) Rochtain mhargaidh 'neamhurraithe' nó 'neamhscagtha'

- Tá cosc ar rochtain 'neamhurraithe' nó 'neamhscagtha' ar mhargadh rialaithe nó MTF, nuair nach ngabhann orduithe chliant trí rialaitheoirí réamh-thrádála sula seoltar chuig margadh rialaithe nó MTF iad, faoin MiFID. Dá bhrí sin, níor chóir go mbeadh cliant SA in ann ordú a sheoladh go hardán trádála riamh gan an t-ordú sin ag gabháil trí rialaitheoirí réamh-thrádála na gnólachta infheistíochta.

d) Monatóireacht

- i) Ba chóir go mbainfeadh an mhonatóireacht ar orduithe (lena n-áirítear ar bhonn trasmhargaidh), a bhfuil dualgas ar ghnólachtaí infheistíochta a chur i gcrích faoi threoirlíne 4, leis an sreabhadh ordaithe iomlán lena n-áirítear ó chliant DMA/SA, agus ar an dul céanna ba chóir go mbainfeadh na córais a bhfuil sé de dhualgas ar ghnólachtaí infheistíochta a bheith acu faoi threoirlíne 6 chun cásanna mí-úsáide margaidh féideartha (go háirithe cúbláil mhargaidh) a shainaithint le horduithe ó agus le hidirbhearta ag cliant DMA/SA.
- ii) Chun cloí leis na hoibleagáidí seo ní mór go mbeadh gnólachtaí infheistíochta in ann orduithe agus idirbhearta de chuid cliant DMA/SA a shainaithint ar leithligh ó orduithe agus idirbhearta eile de chuid na gnólachta.

iii) Ba chóir go mbeadh sé de chumas freisin ag ghnólachtaí infheistíochta stop a chur láithreach bonn le trádáil ag cliaint um dhír-rochtain mhargaidh/rochtain urraithe.

e) Cearta agus oibleagáidí na bpáirtithe

- Ba chóir do ghnólachtaí infheistíochta soiléireacht a bhunú faoi chearta agus oibleagáidí an dá pháirtí maidir le seirbhís DMA/SA.

f) Coimeád taifead

- Ba chóir do ghnólachtaí infheistíochta taifid de na hábhair clúdaithe i bpointí a) go e) thuas, atá mionsonraithe go leor d'údaráis inniúla chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh ghnólachtaí i dtaca lena gcuid oibleagáidí ábhartha, a choimeád go ceann cúig bliana ar a laghad. Ba cheart go n-áireodh sé sin ar a laghad na torthaí i ndáil le dícheall cuí curtha i bhfeidhm ar chliaint féideartha um dhír-rochtain mhargaidh/rochtain urraithe agus athbhreithnithe ina dhiaidh sin, mar aon le cearta agus oibleagáidí an dá pháirtí maidir leis an tseirbhís um dhír-rochtain mhargaidh/rochtain urraithe.